Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024
(OR. en)**

**10005/24**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:
2024/0053(NLE)
2024/0052(NLE)**

**AELE 41
EEE 23
ISL 19
N 30
FL 23
PECHE 183**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021-Aibreáin 2028, an Chomhaontaithe idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021-Aibreáin 2028, an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn,**
**Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua**
**maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021–Aibreáin 2028,**
**an Chomhaontaithe idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach**
**maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021–Aibreáin 2028,**
**an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú idir**
**Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua**
**agus an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú**
**idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá gá fós ann chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhaolú, agus ba cheart sásra nua le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE agus sásra airgeadais nua na hIorua a bhunú dá bhrí sin.

(2) An 20 Bealtaine 2021, d'údaraigh an Chomhairle údarú an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le comhaontú ar ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE amach anseo le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

(3) Le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028 ('Sásra Airgeadais LEE') agus Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028 ('Sásra Airgeadais na hIorua'), rannchuideofar le héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a laghdú agus le caidreamh idir Ballstáit CSTE LEE agus na Stáit is tairbhithe a neartú.

(4) Le Sásra Airgeadais LEE, léirítear na tairbhí a bhaineann Stáit CSTE LEE as a rannphháirtíocht sa mhargadh inmheánach agus cuirtear san áireamh ann an aidhm neartú leanúnach cothrom an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe Conarthacha uile i gComhaontú LEE a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 115 de Chomhaontú LEE.

(5) Le Sásra Airgeadais LEE agus Sásra Airgeadais na hIorua, bunaítear nósanna imeachta speisialta lena méadaítear éifeachtúlacht chur chun feidhme agus comhairliúchán na Stát is Tairbhithe. Go háirithe, le Sásra Airgeadais LEE agus Sásra Airgeadais na hIorua araon déantar foráil maidir le dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ar leibhéal straitéiseach le linn na caibidlíochta maidir leis na Meabhráin Tuisceana idir na Stáit is Deontóirí agus na Stáit is Tairbhithe. Áirítear leo freisin socruithe don Choimisiún chun cúnamh a thabhairt do na Stáit is Tairbhithe sna comhairliúcháin maidir leis na forálacha chun na sásraí a chur chun feidhme. Rannchuideoidh na coimircí sin le cur chun feidhme éifeachtúil agus tráthúil na sásraí, agus riachtanais na Stát is Tairbhithe á gcur san áireamh go hiomlán mar aon le deacrachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith acu i gcur chun feidhme na sásraí airgeadais, lena n-áirítear i ndáil le luachanna coiteanna agus prionsabail an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine. I ndáil leis sin, ba cheart aird a thabhairt ar cheart Stáit is Tairbhí éisteacht a fháil i gcás ina bhfuil bearta amhail íocaíochtaí a chur ar fionraí agus cistí a aisghabháil i gceist.

(6) Ós rud é go gcuirfear Sásra Airgeadais LEE isteach mar phrótacal breise a ghabhann le Comhaontú LEE, is féidir leis an Aontas, i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha faoi na Conarthaí, díospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an phrótacail bhreise a thabhairt os comhair an Chomhchoiste, de bhun Airteagal 111 de Chomhaontú LEE. I gcomhréir le hAirteagal 89 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhairle LEE aon saincheist is cúis le deacracht a mheas.

(7) Na forálacha speisialta maidir le hallmhairí éisc agus táirgí iascaigh áirithe isteach san Aontas de thionscnamh na hÍoslainne agus na hIorua, a leagtar amach sna Prótacail Bhreise a ghabhann lena gComhaontuithe Saorthrádála faoi seach le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, chuaigh na forálacha sin in éag an 30 Aibreán 2021 agus rinneadh iad a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 1 de na Prótacail Bhreise sin. I dteannta na caibidlíochta maidir le ranníocaíocht airgeadais amach anseo agus mar chuid de phacáiste cuimsitheach, d'údaraigh an Chomhairle, an 20 Bealtaine 2021, an Coimisiún, dá bhrí sin, tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú i ndáil le rochtain ar an margadh d'iasc agus táirgí iascaigh de thionscnamh na hÍoslainne agus na hIorua.

(8) Maidir le sásraí nua a chur in ionad na sásraí airgeadais atá ann cheana, ar sásraí iad a bhaineann le tréimhsí ama éagsúla, méideanna éagsúla cistí, agus forálacha cur chun feidhme éagsúla, chomh maith le hathnuachan agus síneadh na lamháltas a bhaineann le hiasc agus táirgí iascaigh áirithe, lamháltais a bhí mar chuid den phacáiste cuimsitheach caibidlíochta, is forbairt thábhachtach é, ina iomláine, ar an gcomhlachas le Stáit CSTE LEE, rud a thugann údar le dul ar iontaoibh Airteagal 217 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(9) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/… ón gComhairle[2+], síníodh na Comhaontuithe agus na Prótacail Bhreise sa Bhruiséil an …[++], faoi réir thabhairt i gcrích na gComhaontuithe sin agus na bPrótacal Breise sin. Ba cheart na Comhaontuithe agus na Prótacail sin a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(10) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Choimisiún an toiliú ón Aontas a bheith faoi cheangal ag na Comhaontuithe agus na Prótacail Bhreise a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (AE) 2024/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE don tréimhse Bealtaine 2021–Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua don tréimhse Bealtaine 2021–Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 10003/24 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach..

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe na gComhaontuithe agus na bPrótacal Breise a leagtar amach in ST 10057/24, ST 10146/24, ST 10148/24 agus ST 10149/24.

*Airteagal 1*

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028, an Comhaontú Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Comhaontú Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn, leis seo, formheastar iad thar cheann an Aontais Eorpaigh[3+].

*Airteagal 2*

Ainmneoidh an Coimisiún an duine (na daoine) a chumhachtófar chun na hionstraimí formheasa a thaisceadh thar ceann an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua ar Shásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028, Airteagal 11 den Chomhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go mí Aibreáin 2028, Airteagal 5 den Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua, agus Airteagal 4 den Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn chun an toiliú ón Aontas a bheith faoi cheangal ag na Comhaontuithe agus na Prótacail sin a chur in iúl[4].

---

**3** Tá téacsanna na gComhaontuithe agus na bPrótacal Breise foilsithe in IO … .

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, tagairt IO na gComhaontuithe agus na bPrótacal Breise a leagtar amach in ST 10057/24, ST 10146/24, ST 10148/24 agus ST 10149/24 san fhonóta roimhe seo.

**4** Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm na gComhaontuithe agus na bPrótacal Breise in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*